Blianta **3 & 4**

Curaclam
Thuaisceart Éireann

Intreoir do na
hAonaid Théamacha Blianta 3 & 4

Aonaid Théamacha

Cuireann na Smaointe le Foghlaim a Nascadh (STanna) réimse leathan de roghanna teagaisc agus foghlama ar fáil do mhúinteoirí. Aithnímid, áfach, go mbeidh ar mhúinteoirí go fóill féin deiseanna ar leith teagaisc agus foghlama a roghnú, a oiriúnú agus a phleanáil dá rang. Rinneadh na haonaid théamacha seo a fhorbairt lena thaispeáint do mhúinteoirí a sholúbtha is atá na Smaointe le Foghlaim a Nascadh. I ngach ceann de na haonaid, tá deiseanna struchtúrtha foghlama agus teagaisc.

Díríonn gach ceann de na haonaid ar:

- ceann amháin de chuspóirí Churaclam Thuaisceart Éireann; agus
- gné amháin de Scileanna Smaointeoireachta agus Ábaltachtaí Pearsanta.

Maidir leis na hAonaid Théamacha:

- spreagfaidh siad páistí le naisc a dhéanamh trasna na Réimsí Foghlama uilig;
- bainfidh siad úsáid as straitéisí foghlama gníomhacha;
- cuirfidh siad deiseanna ar fáil le measúnú a dhéanamh ar scileanna Cumarsáide, Úsáid na Matamaitice agus Úsáid TFC; agus
- soláthróidh siad prionsabail Mheasúnaithe chun Foghlama.

Tá eochaircheisteanna mar chuid de na haonaid théamacha a chuideoidh le foghlaim na bpáistí a dhíriú.

Na hAonaid Théamacha agus Cuspóirí Churaclam Thuaisceart Éireann

Tá cuspóirí Churaclam Thuaisceart Éireann ann le cuidiú le daoine óga bheith ag forbairt mar dhaoine aonair agus lena gcion féin a dhéanamh don tsochaí, don gheilleagar agus don chomhshaol.

Tá achoimre ghearr sa tábla thíos ar gach ceann de na haonaid théamacha:

Aonad Téamach	Smaointe le Foghlaim a Nascadh	Cuspóir Churaclam Thuaisceart Éireann	Scileanna Smaonteoireachta agus Ábaltachtaí Pearsanta	Réimsí Foghlama
Cúiseanna Ceiliúrtha!	Ócáidí Ceiliúrtha	An duine óg a fhorbairt mar dhuine aonair.	*Bheith Cruthaitheach*	• Teanga agus Litearthacht • Corp-Oideachas • Na hEalaíona • An Domhan Thart Orainn
Airgead sa Bhaile	Cúrsaí Baile Ócáidí Ceiliúrtha	An duine óg a fhorbairt lena chion a dhéanamh don gheilleagar agus don tsochaí	*Smaointeoireacht, Fadhbréiteach agus Cinnteoireacht* *Bainistiú Eolais*	• Matamaitic agus Uimhearthacht • Forbairt Phearsanta agus Comhthuiscint • An Domhan Thart Orainn
Mo Theachsa, Do Theachsa	Cúrsaí Baile	An duine óg a fhorbairt lena chion a dhéanamh don tsochaí	*Ag Obair le Daoine Eile*	• Forbairt Phearsanta agus Comhthuiscint • Corp-Oideachas • An Domhan Thart Orainn • Na hEalaíona
Cad é Mar a Bheidh an Aimsir?	Gach Cineál Aimsire	An duine óg a fhorbairt lena chion a dhéanamh don gheilleagar agus don timpeallacht	*Ag Obair le Daoine Eile*	• Teanga agus Litearthacht • Matamaitic agus Uimhearthacht • Na hEalaíona • An Domhan Thart Orainn

Cúiseanna Ceiliúrtha!

Tá an tAonad Téamach seo nasctha le Smaointe le Foghlaim a Nascadh (SFN) Blianta 3/4 *Ócáidí Ceiliúrtha*. San Aonad Téamach seo beidh deis ag páistí ócáidí ceiliúrtha sa bhaile, le cairde, ar scoil agus sa phobal áitiúl agus sa phobal mhór a fhiosrú. Beidh tuiscint agus meas acu ar an ilchineálacht sa tsochaí agus ar an dóigh a gcuireann grúpaí éagsúla cultúrtha agus creidimh leis an tsochaí.

Beidh deis ag na páistí cuid de na scileanna a chomhlíonann riachtanais reachtúla Churaclam Thuaisceart Éireann ag Eochairchéim 1 a fhorbairt. Tugtar achoimre at fhócas an aonaid seo thíos:

Cuspóir Churaclam Thuaisceart Éireann	An duine óg a fhorbairt mar dhuine aonair
Aidhm	Tá d'aidhm ag an Aonad Téamach seo é a chur ar chumas páistí: • A bheith eolach ar a gcuid láidreachtaí, ábaltachtaí, buanna agus gnóthachtálacha; • A bheith eolach ar an oidhreacht chúltúrtha, na nósanna agus na hócáidí ceiliúrtha a bhaineann leo féin agus le daoine eile; • A thuiscint go bhfuil sé tábhachtach am a ghlacadh le ceiliúradh le chéile; • Cuid de na cosúlachtaí agus na héagsúlachtaí idir daoine agus áiteanna a thuiscint; agus • A bheith páirteach i réimse straitéisí foghlama gníomhacha.
Croíghné	*Comhthuiscint agus Tuiscint Chultúrtha*
Scileanna Smaointeoireachta agus Ábaltachtaí Pearsanta (SSÁP)	Díríonn an tAonad Téamach seo ar **Bheith Cruthaitheach**. Beidh deiseanna ag páistí: • *Na céadfaí uilig a úsáid;* • *Sult a bhaint as rud atá gan choinne, annamh nó iontach;* • *Éisteacht le smaointe agus le heispéiris agus iad a roinnt; agus* • *A oiread smaointe agus roghanna agus is féidir a ghiniúint, cur le smaointe agus iad a chomhcheangal.* Chomh maith leis sin, beidh deiseanna ag na páistí scileanna a fhorbairt maidir le Bainistiú Eolais, Ag Obair le Daoine Eile, Smaointeoireacht, Fadhbréiteach, Cinnteoireacht agus Féinbhainistiú.

Na Scileanna Traschuraclaim	WDírítear aird ar chuspóirí foghlama a bhaineann leis na scileanna traschuraclaim, nuair is cuí. Is iad seo na scileanna traschuraclaim: • Cumarsáid(Cum); • Úsáid na Matamaitice [ÚMata]; agus • Úsáid TFC [ÚTFC].
An Fhoghlaim a Nascadh	San Aonad Téamach seo beidh deiseanna ag múinteoirí an fhoghlaim a nascadh trasna na Réimsí Foghlama seo a leanas: **An Domhan Thart Orainn:** • Ócáidí ceiliúrtha sa cheantar áitiúil agus in áiteanna eile ar fud an domhain a chur i gcomparáid lena chéile; **Na hEalaíona:** • Sult a bhaint as an bhia agus na feistis a bhaineann le hócáidí ceiliúrtha ina gcultúr féin agus i gcultúir eile; • A bheith páirteach i ngníomhaíocht dhrámatúil agus smaointe a roinnt le daoine eile; • Scileanna cruthaitheacha a úsáid le píosaí ealaíne a bhaineann le hócáidí ceiliúrtha éagsúla a chruthú; **Corpoideachas:** • Damhsa a chruthú, a chleachtadh, cuimhneamh air agus é a chur i láthair, bunaithe ar dhamhsaí a bhaineann le hócáidí ceiliúrtha ar fud an domhain; agus **Teanga agus Litearthacht:** • Iad féin a chur in iúl go cruthaitheach agus a bheith muiníneach i mbun cumarsáide, agus réimse scileanna agus meán in úsáid acu; • A gcuid scéalta féin a insint faoi ócáidí ceiliúrtha bunaithe ar éispéiris phearsanta agus ar a samhlaíocht féin; agus • Cuspóirí agus lucht éisteachta a chur san áireamh agus iad ag scríobh, mar shampla, óráid a scríobh faoina scoil.

Airgead sa Bhaile

Tá an tAonad Téamach seo nasctha le *Cúrsaí Baile agus le hÓcáidí Ceiliúrtha*, Smaointe le Foghlaim a Nascadh (SFN) do Bhliain 3/4. Foghlaimeoidh na páistí san aonad seo faoi phleanáil airgeadais sa bhaile. Déanfaidh siad machnamh ar an dóigh le hairgead a chaitheamh go céillí agus ar an tábhacht atá le buiséadú ina saol baile.

Léireoidh réimse gníomhaíochtaí an dóigh a n-úsáidimid airgead inár saol laethúil. Fiosróidh na páistí cineálacha éagsúla airgeadra agus na dóigheanna a dtig leo a gcuid airgid féin a choigilt don am atá le teacht. Déanfaidh siad machnamh ar an dóigh a ndéanann siad féin cinntí a bhaineann le hairgead agus ar an dóigh a dtéann seo i bhfeidhm ar dhaoine eile.

Cuirtear réimse de mhodheolaíochtaí teagaisc i láthair in *Airgead sa Bhaile* a thacaíonn le foghlaim ghníomhach ar bhonn fiosraithe, i gcás páistí aonair agus grúpaí araon. Beidh deis ag na páistí páirt a ghlacadh i réimse dúshlán smaointeoireachta, fadhbréitigh agus cinnteoireachta, ina ndéanfar naisc le pobal áitiúil na scoile agus leis an mhórphobal.

Cuireann an tAonad Téamach seo deiseanna ar fáil do pháistí cuid de na scileanna a chomhlíonann riachtanais reachtúla Churaclam Thuaisceart Éireann ag Eochairchéim 1 a fhorbairt. Tugtar achoimre ar fhócas an aonaid seo thíos:

Cuspóir Churaclam Thuaisceart Éireann	An duine óg a fhorbairt mar rannpháirtí sa gheilleagar agus sa tsochaí
Aidhm	Tá d'aidhm ag an aonad seo páistí a spreagadh le: • Tuiscint a fhorbairt ar an dóigh a n-úsáidtear airgead sa bhaile; • A smaointeoireacht a fhorbairt trí réimse dúshlán fadhbréitigh agus cinnteoireachta; agus • Leis an dóigh a dtig le cinntí airgeadais dul i bhfeidhm ní hamháin orthu féin, ach ar a scoil, ar a bpobal agus ar a dteaghlach a thuiscint.
Croíghné	*Feasacht Eacnamaíochta*

Scileanna Smaointeoireachta agus Ábaltachtaí Pearsanta [SSÁP]	Tá fócas ar **Bainistiú Eolais, Scileanna Smaointeoireachta agus Cinnteoireacht**: **Bainistiú Eolais:** • *Smaointe na bpáistí féin agus smaointe daoine eile a úsáid le teacht ar fhoinsí eolais; agus* • *Eolas a roghnú, a rangú, a chur i gcomparáid agus a mheas.* **Smaointeoireacht, Fadhbréiteach agus Cinnteoireacht:** • *Réitigh fhéideartha a chruthú, cur chuige eile a thriail agus torthaí a mheas;* • *Roghanna a scrúdú agus buntáistí agus míbhuntáistí a mheas; agus* • *Éisteacht go gníomhach agus barúlacha a roinnt.* Beidh deiseanna ann fosta scileanna a bhaineann le Bheith Cruthaitheach agus Ag Obair le Daoine Eile a fhorbairt.
Scileanna Traschuraclaim	Tarraingítear aird ar chuspóirí foghlama a bhaineann leis na scileanna traschuraclaim, nuair is cuí. Is iad na scileanna traschuraclaim: • Cumarsáid (Cum); • Úsáid na Matamaitice [ÚMata]; agus • Úsáid TFC [ÚTFC].
An Fhoghlaim a Nascadh	Cuireann an tAonad Téamach seo deiseanna ar fáil do mhúinteoirí foghlaim a nascadh trasna na réimsí seo a leanas: • Forbairt Phearsanta agus Comhthuiscint; • Matamaitic agus Uimhearthacht; agus • An Domhan Thart Orainn.

Mo Theachsa, Do Theachsa

Tá an tAonad Téamach seo nasctha le *Tithe agus Bailte*, Smaointe le Foghlaim a Nascadh (SFN) do Bhliain 3/4.

Tugann an tAonad Téamach seo deiseanna do dhaltaí a gceantar áitiúil a fhiosrú agus meas a bheith acu ar chosúlachtaí agus ar dhifríochtaí idir daoine ina dtír féin agus i dtíortha eile. Cuidíonn sé leo bheith páirteach i ngníomhaíochtaí i gcomhar le chéile, scileanna a fhorbairt le bheith ag obair le lucht a gcomhaoise agus lena bhfuil foghlamtha acu a léiriú trí ghníomhaíochtaí cruthaitheacha. Cuireann an tAonad Téamach seo deis ar fáil páirt a ghlacadh i réimse dúshlán atá bainteach le smaointeoireacht, fadhbréiteach agus cinnteoireacht, dúshláin a dhéanfaidh naisc idir a dtaithí féin agus a scoil, an pobal áitiúil agus an mórphobal.

Cuireann an tAonad Téamach seo deiseanna i láthair do pháistí cuid de na scileanna a chomhlíonann riachtanais reachtúla Churaclam Thuaisceart Éireann ar Eochairchéim 1 a fhorbairt. Tugtar achoimre ar fhócas an aonaid seo thíos:

Cuspóir Churaclam Thuaisceart Éireann	An duine óg a fhorbairt mar rannpháirtí sa tsochaí
Aidhm	Tá d'aidhm ag an aonad seo páistí a spreagadh le: • scileanna agus straitéisí a fhorbairt a bheidh de dhíth orthu le bheith ag obair go héifeachtach le chéile; • meas a bheith acu ar na cosúlachtaí agus ar na difríochtaí idir daoine agus áiteanna; • bheith páirteach in éagsúlacht straitéisí foghlama gníomhaí; agus • a ndearcadh ar a bpobal féin agus ar an mhórphobal a fhiosrú agus a fhorbairt.
Croíghné	*Saoránacht agus Tuiscint ar Chultúir*
Scileanna Smaointeoireachta agus Ábaltachtaí Pearsanta [SSAP]	Tá an tAonad Téamach seo dírithe ar **Obair le Daoine Eile:** • *Bheith comhoibritheach;* • *Meas a léiriú ar bhraistintí daoine eile; agus* • *Bheith cothrom agus freagrach.* Beidh deiseanna ann fosta do pháistí na scileanna seo a fhorbairt: Smaointeoireacht, Fadhbréiteach agus Cinnteoireacht agus Bainistiú Eolais.

Scileanna Traschuraclaim	Dírítear aird nuair is cuí ar chuspóirí foghlama a bhaineann le scileanna traschuraclaim. Is iad seo a leanas na scileanna traschuraclaim: • Cumarsáid (Cum); • Úsáid na Matamaitice [ÚMata]; agus • Úsáid TFC [ÚTFC].
An Fhoghlaim a Nascadh	Cuireann an tAonad Téamach seo deiseanna ar fáil do mhúinteoirí foghlaim a nascadh trasna na réimsí seo a leanas: **Forbairt Phearsanta agus Comhthuiscint:** • Na bealaí ina mbímid cosúil agus éagsúil lena chéile a thuiscint; • Bheith feasach ar ilchineálacht na ndaoine timpeall an domhain; **An Domhan Thart Orainn:** • Comparáidí idir an ceantar áitiúil agus áit eile ar fad; • Réimse na n-ábhar a mbaintear úsáid astu sa cheantar áitiúil a fhiosrú; **Na hEalaíona:** • Sult a bhaint as saothar ealaíontóirí óna gcultúr féin agus ó chultúir eile agus léirthuiscint a bheith acu dóibh; • Páirt a ghlacadh i ngníomhaíocht dhrámata agus smaointe a chomhroinnt le daoine eile; agus **Corpoideachas:** • Smaointe gluaiseachtaí a chruthú, a chleachtadh agus cuimhneamh orthu agus iad a chur i láthair mar fhreagairtí ar scéal.

Cad é Mar a Bheidh an Aimsir?

Tá an tAonad Téamach seo nasctha le *Gach Cineál Aimsire*, Smaointe le Foghlaim a Nascadh (SFN) do Bhlianta 3/4. Déanfaidh na páistí an aimsir a fhiosrú san aonad seo: an dóigh a bhfoghlaimímid fúithi, an dóigh a ndéanaimid gnéithe di a thomhas agus an tábhacht atá léi sa saol agus sa dúlra.

Beidh deis ag na páistí cuid de na scileanna a chomhlíonann riachtanais Churaclam Thuaisceart Éireann ag Eochairchéim 1 a fhorbairt. Tugtar achoimre ar fhócas an aonaid seo thíos:

Cuspóir Churaclam Thuaisceart Éireann	An duine óg a fhorbairt mar rannpháirtí sa gheilleagar agus sa timpeallacht
Aidhm	Is é aidhm an Aonaid Théamaigh seo páistí a spreagadh le: • Tuiscint a fhorbairt ar an aimsir agus ar ghnéithe éagsúla a bhaineann leis an aimsir; agus • Foghlaim faoin dóigh a mbíonn tionchar ag an aimsir ar ár saol féin agus ar shaol daoine eile.
Croíghné	*Oideachas don Fhorbairt Inbhuanaithe*
Scileanna Smaointeoireachta agus Ábaltachtaí Pearsanta [SSÁP]	Díríonn an tAonad Téamach seo ar **Ag Obair le Daoine Eile**. Beidh deiseanna ag páistí: • *Meas a léiriú ar obair a chéile;* • *A bheith ag obair le chéile le teanga thíreolaíochta a úsáid;* • *Gníomhaíochtaí agus róil a roinnt; agus* • *Ceisteanna cuí a chruthú agus a chur.* Beidh deiseanna ann chomh maith do pháistí na scileanna a bhaineann le Smaointeoireacht, Fadhbréiteach agus Cinnteoireacht agus le Bainistiú Eolais a fhorbairt.

Scileanna Traschuraclaim	Tarraingítear aird ar na cuspóirí foghlama a bhaineann leis na scileanna traschuraclaim nuair is cuí. Is iad seo na scileanna traschuraclaim: • Cumarsáid (Cum); • Úsáid na Matamaitice [ÚMata]; agus • Úsáid TFC [ÚTFC].
An Fhoghlaim a Nascadh	Cuireann an tAonad Téamach seo deiseanna ar fáil do mhúinteoirí an fhoghlaim a nascadh trasna na réimsí seo a leanas: • Teanga agus Litearthacht; • Matamaitic agus Uimhearthacht; • Na hEalaíona; agus • An Domhan Thart Orainn.

Foilseachán CCEA © 2012

COUNCIL FOR THE **CURRICULUM EXAMINATIONS** AND **ASSESSMENT**
29 Clarendon Road, Clarendon Dock, Belfast BT1 3BG
✆ +44 (0)28 9026 1200 +44 (0)28 9026 1234 +44 (0)28 9024 2063 ✉ info@ccea.org.uk www.ccea.org.uk

Rewarding Learning